**GA**

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2009
COIM(2009) 342 leagan deireanach

2008/0242 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bunú 'EURODAC' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. […/…] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát]**

**(Leagan athmhúnlaithe)**

{COIM(2009) 344 leagan deireanach}
{SEC(2009) 936}
{SEC(2009) 937}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. RÉAMHRÁ

Bunaíodh EURODAC le Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 an 11 Nollaig 2000 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath[1] a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ghlac an Coimisiún togra athmhúnlaithe a raibh sé d'aidhm aige an Rialachán seo a leasú i Nollaig 2008[2] (togra dá ngairfear togra Nollaig 2008 anseo feasta).

Ceapadh an togra seo chun úsáid níos éifeachtúla bhunachar sonraí EURODAC a áirithiú chun críocha an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar éileamh ar thearmann a chinneadh (i.e. tacaíocht níos éifeachtúla a sholáthar do chur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath) agus chun díriú i gceart ar ábhair imní faoi chosaint sonraí.

Rinne sé freisin an creat bainistíochta do TF a ailíniú le creat Rialachán SIS II agus VIS trína fhoráil go ngabhfadh an Ghníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais[3] a bheidh ann, na cúraimí a bhaineann le bainistiú oibríochtúil EURODAC chuici féin (dá ngairfear Gníomhaireacht TF anseo feasta).

Moladh freisin i dtogra Nollaig 2008 an Rialachán Cur Chun Feidhme a aisghairm agus a ábhar a chuimsiú i Rialachán EURODAC.

Sa deireadh, tugadh isteach athruithe chun forbairtí san *acquis* tearmainn agus dul chun cinn teicniúil atá déanta ó glacadh an Rialachán in 2000 a chur san áireamh.

Seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 3 Nollaig 2008. Chuir Parlaimint na hEorpa an togra faoi bhráid a Coiste um Shaoirsí Sibhialta, Cheartas agus Gnothaí Baile.

Ag suí di an 7 Bealtaine 2009, ghlac Parlaimint na hEorpa rún reachtach[4] a d'fhormhuinigh thogra an Choimisiúin faoi réir roinnt leasuithe.

## 2. TOGRA LEASAITHE

Leis an togra seo leasaítear togra Nollaig 2008 d'fhonn, ar lámh amháin, rún Pharlaimint na hEorpa agus torthaí na caibidlíochta sa Chomhairle a chur san áireamh agus, ar lámh eile, an fhéidearthacht a thabhairt isteach d'údaráis um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus do Europol rochtain a fháil ar bhunachar sonraí láir EURODAC chun críocha cionta

---

1 IO L 62, 5.3.2002, lch 1.

2 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. […/…] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó duine gan stát], COIM(2008(825) leagan deireanach.

3 Glacadh an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais [COIM (2009) 293 leagan deireanach] an 24 Meitheamh 2009.

4 Bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid (athmhúnlaithe), P6_TA(2009)0378.

sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

I gcás gur cláraíodh cheana mar iarrthóir tearmainn duine faoi amhras i dtaobh gnímh sceimhlitheoireachta nó ciona tromchúisigh ach nach bhfuil sé in aon bhunachar sonraí eile nó nach bhfuil sé cláraithe ach le sonraí alfa-uimhriúla (a d'fhéadfadh a bheith mícheart, mar shampla más rud é gur thug an duine sin céannacht bhréagach nó gur úsáid sé doiciméid bhrionnaithe), d'fhéadfadh sé gurb í an t-aon fhaisnéis amháin a bheadh ar fáil chun é a aithint an fhaisnéis bhithmhéadrach in EURODAC.

Tá rún ann anois cuardach EURODAC ag údaráis um fhorghníomhú an dlí a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Chun é sin a dhéanamh is gá Rialachán EURODAC a leasú leis an gcuspóir breise sin a chur ar áireamh go sainráite.

Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an togra seo clásal '*passerelle*' chun an rochtain sin chun críocha an dlí a fhorghníomhú a cheadú, chomh maith leis na forálacha is gá a ghabhann leis, agus leasaítear leis togra Nollaig 2008.

Ní fhéadfar méarloirg atá i seilbh údarás ainmnithe um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus i seilbh Europol a chur i gcomparáid leo siúd atá stóráilte i mbunachar sonraí EURODAC ach i gcás ina mbeidh gá lena leithéid de chomparáid agus i gcás sonrach faoi chúinsí atá sainithe go maith. Cuirtear san áireamh sna forálacha maidir le rochtain ar shonraí agus le slándáil sonraí rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

Ó d'eisigh Parlaimint na hEorpa a tuarascáil ar an togra athmhúnlaithe ag an gcéad léamh an 7 Bealtaine 2009, tuigtear go bhféadfadh sí tuarascáil eile a eisiúint ag an gcéad léamh den togra seo, togra ina bhfuil inneachar thogra Nollaig 2008 mar aon leis na modhnuithe thuasluaite.

Cuirtear an togra seo isteach ag an am céanna agus a chuirtear isteach an Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le comparáidí le sonraí EURODAC arna n-iarraidh ag údaráis um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus ag Europol chun críocha an dlí a fhorghníomhú (anseo feasta: Cinneadh Uimh. [.../...] ón gComhairle, CGB *[Cinneadh EURODAC um fhorghníomhú an dlí]*, ina gcuirtear síos go mion ar na modhanna beachta rochtana chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

Comhthéacs ginearálta

I gClár na Háige iarradh go dtiocfadh feabhas ar mhalartú sonraí trasteorann a dhéanann údaráis um fhorghníomhnú an dlí agus go mbeadh feabhas ar mhalartú sonraí trasteorann freisin trí rochtain ar na córais um chomhdú sonraí de chuid an Aontais Eorpaigh atá ann cheana a leathnú.

I gconclúidí Choiste Meascstha Chomhairle CGB an 12-13 Meitheamh 2007 iarradh ar an gCoimisiún na moltaí is gá a chur isteach chomh luath agus is féidir chun an aidhm rochtain ar EURODAC a dheonú, faoi choinníollacha áirithe, ar údaráis um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus ar Europol a bhaint amach, chun cabhrú leo agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Déantar measúnú ar na hiarmhairtí a bhaineann le rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú a thugtar isteach sa togra leasaithe seo sa Mheasúnú Iarmharta a ghabhann leis an togra seo.

## 3. COMHSHEASMHACHT LE BEARTAIS EILE.

Tá an togra seo ag teacht go hiomlán le Cláir na Háige 2004, le Comhaontú Eorpach um Inimirce agus Thearmann a d’fhormhuinigh Comhairle na hEorpa 15-16 Deireadh Fómhair 2008 agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an gceart chun tearmainn agus cosaint sonraí pearsanta.

Ina theannta sin, tá an togra seo ag teacht le Teachtaireacht an Choimisiúin chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le héifeachtacht fheabhsaithe, le idir-inoibritheacht níos fearr agus le sineirgíochtaí i measc bunachar sonraí Eorpach i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile[5], inar tugadh faoi deara go n-aithníonn an Chomhairle agus lucht um fhorghníomhú an dlí gur laige í nach bhfuil rochtain ag údaráis slándála inmheánacha ar shonraí VIS, sonraí SIS II a bhaineann le hinimirce agus sonraí EURODAC, rud a fhágann bearna shuntasach agus daoine faoi amhras i dtaobh cionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha á n-aithint. Ó glacadh an Teachtaireacht in 2005, glacadh Cinneadh VIS d'fhonn rochtain ar an mbunachar sonraí sin a dheonú ar údaráis um fhorghníomhú an dlí agus ar Europol.

## 4. COMHLÍONADH LEIS AN gCAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA

Agus an togra á dhréachtadh, tugadh aird chuí ar chearta bunúsacha. Breithníodh an ceart chun tearmainn agus cosaint sonraí pearsanta sa Mheasúnú Iarmharta atá ceangailte leis an togra.

Maidir leis an gceart chun tearmainn, cuireann leasuithe ar fhorálacha an Rialacháin maidir leis an *bhfaisnéis ba cheart a thabhairt d'iarrthóirí tearmainn maidir le cur chun feidhme chóras Bhaile Átha Cliath* ar a gcumas a gceart chun tearmainn a chleachtadh go héifeachtach. Leis an bhfhoráil nua a chuireann de cheangal ar Bhallstáit *a chur in iúl in Eurodac go gcuireann siad clásail lánroghnacha* Rialachán Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm, éascaítear cumarsáid i measc na mBallstát agus mar thoradh air sin ní bhíonn éiginnteacht ar an iarrthóir tearmainn, de bhrí go mbíonn sé soiléir cén Ballstát a bhíonn ag láimhseáil a cháis. Maidir le cosaint sonraí pearsanta, trí chead a thabhairt *bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar scriosadh sonraí*, áirithítear leis an togra nár cheart aon sonraí a choimeád i bhfoirm a cheadódh na daoine is ábhar do na sonraí a aithint níos faide ná mar atá riachtanach chun na críocha a mbailíodh na sonraí dóibh. Tá an prionsabal céanna mar bhonn taca ag an leasú lena ndéantar ailíniú ar an *tréimhse stórála sonraí a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír nó le daoine gan stát a dtógtar a gcuid méarloirg i ndáil le teorainn sheachtrach a thrasnú go mírialta* leis an tréimhse go dtína leithdháileann Rialachán Bhaile Átha Cliath freagracht ar bhonn na faisnéise sin.

Maidir le cás speisialta na ndaoine atá ag iarraidh cosanta idirnáisiúnta, mar shampla, is ábhar imní é go bhféadfadh sonraí a fhaightear ó EURODAC chun críocha an dlí a fhorghníomhú teacht ar lámha na dtíortha ónar éalaigh na hiarratasóirí agus ina bhfuil baol géarleanúna

---

[5] COIM(2005)597.

dóibh. D'fhéadfadh droch-éifeachtaí a bheith aige sin ar an iarratasóir, ar a ghaolta agus ar a chairde, rud a d'fhéadfadh dídeanaithe a dhíspreagadh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh go foirmeálta ar an gcéad dul síos. Mar thoradh ar an ngrinnscrúdú seo, tá toirmeasc sonrach sa togra ar mhalartú sonraí pearsanta, a fhaightear de bhua an togra seo, le tríú tíortha, le heagraíochtaí nó le heintitis. Ina theannta sin, déantar foráil do mheicníocht fhairsing mhonatóireachta agus mheastóireachta an togra. Áireofar sa mheastóireacht seo cé acu an mbeidh aithis ag baint le daoine atá ag iarraidh cosanta idirnáisiúnta mar thoradh ar úsáid na feidhmiúlachta cuardaigh nó nach mbeidh. Ina theannta sin, d'fhonn a áirithiú nach sáróidh próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an dlí a fhorghníomhú an ceart bunúsach chun sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe maidir le gá agus le comhréireacht an chearta sin, leagtar amach leis an togra dianchoinníollacha maidir le rochtain ar shonraí EURODAC ag údaráis um fhorghníomhnú an dlí, lena gcuirtear toirmeasc ar chuardach rialta ar bhunachar sonraí EURODAC. Toirmeasctar freisin leis an togra tuilleadh próiseála chun críocha an dlí a fhorghníomhú trí na cineálacha cionta a mbeidh rochtain ar EURODAC ceadaithe ina leith a shainaithint go soiléir. Leagtar síos leis freisin dianbhearta slándála d'fhonn slándáil sonraí pearsanta atá próiseáilte a áirithiú agus cuirtear ar bun maoirseacht ar na gníomhaíochtaí próiseála ag údaráis neamhspleácha um chosaint sonraí poiblí. Sonraítear sa togra freisin go bhfuil feidhm ag Treoir 95/46/CE agus Rialachán 45/2001/CE maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar faoin Rialachán agus maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann údaráis um fhorghníomhnú an dlí le sonraí EURODAC, chomh luath is a fhaightear na sonraí, go bhfuil an phróiseáil faoi réir Chinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle.

Dá bhrí sin, tá an togra seo ag teacht go hiomlán le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an gceart chun tearmainn (Airteagal 18) agus le cosaint sonraí pearsanta (Airteagal 8), agus ní mór é a chur i bhfeidhm dá réir sin.

## 5. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

D'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Uaine i mí an Mheithimh 2007 maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn[6] a bheidh ann. Moladh ann roghanna maidir le gnéithe de Rialachán Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Eurodac amach anseo. Mar chuid den chomhairliúchán fairsing poiblí ar an bPáipéar Uaine, fuarthas 89 aighneacht ó raon páirtithe leasmhara.

Phléigh seirbhísí an Choimisiúin toradh na Tuarascála Meastóireachta agus leasuithe a bhí pleanáilte ar an Rialachán leis na Ballstáit sa Choiste um Inimirce agus Thearmann i mí an Mhárta 2008 agus rinneadh an rud céanna in dhá chruinniú neamhfhoirmiúla saineolaithe le cleachtóirí na mBallstát, a bhí tiomanta do chonclúidí na Tuarascála Meastóireachta, i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus i mí Aibreáin 2008.

Chuathas i gcomhairle go neamhfhoirmiúil freisin leis an UNHCR, leis an gComhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus Dheoraithe, chomh maith leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nuair a bhíothas ag ullmhú an leasaithe ar an Rialachán.

Agus an togra leasaithe seo á dhréachtadh, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Stáit a chuireann *acquis* Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm, i.e. na Ballstáit, an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis, chomh maith le Europol, trí bhíthin dhá cheistneoir agus cruinnithe saineolaithe a reachtáladh sa Bhruiséil an 25 - 26 Meán Fómhair 2007, cruinniú ag a raibh deis ag na

6 COIM(2007)301.

saineolaithe na freagraí ar an gceistneoir a shoiléiriú agus tuilleadh tuairimí a chur in iúl. Chuathas i gcomhairle le roinnt eagraíochtaí idir-rialtasacha, neamh-rialtasacha agus saineolaithe eile a bhí ag obair sa réimse tearmainn agus i réimse na gceart bunúsach le linn cruinnithe sa Bhruiséil an 8 Deireadh Fómhair 2007. Chuathas i gcomhairle le hionadaithe ó údaráis náisiúnta um chosaint sonraí na Stát a chuireann i bhfeidhm *acquis* Bhaile Átha Cliath, chomh maith le Comhchomhlacht Maoirseachta Europol agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le linn cruinnithe a reachtáladh sa Bhruiséil an 11 Deireadh Fómhair 2007.

Tá liosta mionsonraithe de na páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo ar áireamh sa Mheasúnú Iarmharta atá ceangailte leis an togra seo.

## 6. BUNÚS DLÍ

Leasaítear leis an togra seo Togra an Choimisiúin le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. […/…] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] - COIM(2008)825.

Úsáidtear sa togra leasaithe seo an bunús dlí céanna is a úsáideadh sa bhuntogra, eadhon Airteagal 63(1)(a) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Níl Teideal IV den Chonradh infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe ná le hÉirinn, mura gcinneann an dá thír sin a mhalairt, i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Phrótacal ar sheasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a ghabhann leis na Conarthaí.

Tá an Ríocht Aontaithe agus Éire faoi cheangal ag Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle i ndiaidh an fógra a thug siad go raibh siad ag iarraidh a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin sin bunaithe ar an bPrótacal thuasluaite. Níl aon tionchar ag seasamh na mBallstát sin maidir leis an Rialachán atá ann faoi láthair ar a rannpháirtíocht fhéideartha amach anseo maidir leis an Rialachán leasaithe.

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 den Phrótacal ar sheasamh na Danmhairge a ghabhann leis na Conarthaí, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoina cheangal ná faoi réir ag a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ós rud é go gcuireann an Danmhairg Rialachán reatha Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm, tar éis comhaontaithe idirnáisiúnta[7] a chuir sí i gcrích leis an CE in 2006, tabharfaidh sí, i gcomhréir le hAirteagal 3 den chomhaontú sin, fógra don Choimisiún faoina cinneadh cibé an gcuirfidh sí ábhar an Rialacháin leasaithe i bhfeidhm nó nach gcuirfidh.

---

[7] Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann arna thaisceadh sa Danmhairg nó in aon Bhallstát eile den Aontas Eorpach a scrúdú agus "Eurodac" chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach, (IO L 66, 8.3.2006).

## 7. IARMHAIRT AN TOGRA AR BHALLSTÁIT NACH BHFUIL SAN AE ACH A BHFUIL CEANGAL ACU LE CÓRAS BHAILE ÁTHA CLIATH

I gcomhthreo le comhlachú roinnt Ballstát nach bhfuil san AE le *acquis* Schengen, chuir an Comhphobal roinnt comhaontuithe i gcrích, nó tá sé ar tí sin a dhéanamh, comhaontuithe a dhéanann na tíortha sin a chomhlachú freisin le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC:

– an comhaontú a rinne an Íoslainn agus an Iorua a chomhlachú, a tugadh chun críche in 2001[8];

– an comhaontú a rinne an Eilvéis a chomhlachú, a tugadh chun críche an 28 Feabhra 2008[9];

– an prótacal lena gcomhlachaítear Lichtinstéin agus a síníodh an 28 Feabhra 2008[10].

D'fhonn cearta agus oibleagáidí a chruthú idir an Danmhairg – atá ceangailte le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC trí chomhaontú idirnáisiúnta, mar a míníodh thuas – agus na tíortha comhlachaithe atá luaite thuas, tugadh dhá ionstraim eile chun críche idir an Comhphobal agus na tíortha comhlachaithe[11].

I gcomhréir leis na trí chomhaontú thuasluaite, glacfaidh na tíortha comhlachaithe le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC agus lena fhorbairt gan aon eisceacht. Níl siad páirteach i nglacadh aon achta ag leasú nó ag tógáil ar *acquis* Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear mar sin an togra seo) ach caithfidh siad fógra a thabhairt don Choimisiún laistigh d'fhráma ama a bheidh tugtha maidir lena gcinneadh cibé an nglacfaidh siad le hábhar an achta sin nó nach nglacfaidh, a luaithe a fhormheasfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa é. I gcás nach nglacfaidh an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis ná Lichtinstéin le hacht lena leasaítear nó lena bhforbraítear *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC, cuirfear an clásal "gilitín" i bhfeidhm agus déanfar foirceannadh ar na comhaontuithe faoi seach, mura gcinneann an Comhchoiste/Coiste Measctha arna bhunú ag na comhaontuithe a mhalairt d'aontoil.

Ós rud é gur forbairt ar an *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC laistigh de théarmaí na gcomhaontuithe thuasluaite é an leasú ar Rialachán EURODAC chun clásal '*passerelle*' a thabhairt isteach d'fhonn rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú a cheadú, tá feidhm freisin ag an nós imeachta atá tuairiscithe maidir leis an togra seo.

---

8 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua, (IO L 93, 3.4.2001, lch 40).

9 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Eilvéis, (IO L 53, 27.2.2008, lch 5).

10 Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Lichtinstéin sa Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an Eilvéis maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Eilvéis, (COIM (2006)754, conclúid ar feitheamh).

11 Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Eilvéis (2006/0257 CNS, arna chur i gcrích an 24.10.2008, foilsiú san IO ar feitheamh) agus Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal, Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát, san Íoslainn nó san Iorua (IO L 93, 3.4.2001).

## 8. PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA

Mar gheall ar na fadhbanna trasnáisiúnta a bhaineann le tearmann agus cosaint dídeanaithe, tá an AE i suíomh maith chun réitigh faoi chuimsiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ar na saincheisteanna a bhfuil cur síos déanta orthu thuas mar fhadhbanna a bhaineann le Rialachán EURODAC. Cé gur baineadh leibhéal tábhachtach comhchuibhithe amach sa Rialachán a glacadh in 2000, tá spás ann i gcónaí chun an tacaíocht a thugann EURODAC do chur chun feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath a fhorbairt tuilleadh. Dealraíonn sé go bhfuil gá soiléir ann gníomh AE a ghlacadh maidir le bainistíocht a dhéanamh ar bhunachar sonraí AE a cruthaíodh chun cuidiú le cur chun feidhme Rialacháin a dhéileálann le gluaiseachtaí trasnáisiúnta iarrthóirí tearmainn.

Tá gá freisin le Rialachán EURODAC a leasú chun cuspóir tánaisteach a chur leis, eadhon rochtain ar shonraí atá stóráilte i mbunachar sonraí láir EURODAC a cheadú chun na críche sceimhlitheoireacht agus coiriúlacht a chomhrac. Ní féidir leis na Ballstáit amháin an cuspóir seo a bhaint amach go leordhóthanach, toisc nach féidir ach leis an gCoimisiún a leithéid de leasú a mholadh.

## 9. PRIONSABAL NA COMHRÉIREACHTA

Sa mheasúnú iarmharta a foilsíodh le togra Nollaig 2008[12] rinneadh measúnú ar gach fo-rogha a bhain leis na fadhbanna a sainaithníodh ionas go dtabharfaí léiriú ar chomhréir idéalach idir luach praiticiúil agus na hiarrachtaí a bhfuil gá leo. Thángthas ar an tuairim ann nach ionann gníomh ar leibhéal an AE a roghnú agus dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir leis na fadhbanna sin a réiteach.

Thángthas ar an tuairim sa Mheasúnú Iarmharta ábhartha gurb í rochtain ag údaráis um fhorghníomhnú an dlí ar EURODAC an t-aon bhealach tráthúil, beacht, sábháilte agus cost-éifeachtúil chun a fháil amach an bhfuil sonraí faoi iarrthóirí tearmainn ar fáil sna Ballstáit agus, i gcás go bhfuil, cá bhfuil siad ar fáil. Níl aon mhalairt rogha réasúnta ar EURODAC ann chun céannacht bheacht iarrthóra tearmainn a shuíomh nó a dheimhniú a chuirfeadh ar chumas údarás um fhorghníomhú an dlí an toradh céanna a fháil.

## 10. MÍNIÚ MIONSONRAITHE AR AN TOGRA

### *10.1 Modhnuithe a tugadh isteach i ndiaidh rún Pharlaimint na hEorpa*

Ina rún reachtach, thacaigh Parlaimint na hEorpa le togra an Choimisiúin den chuid is mó agus mhol sí leasuithe, ar leasuithe eagarthóireachta an chuid is mó díobh, mar aon le cúpla leasú substaintiúil. Is inghlactha, den chuid is mó, na leasuithe nó is inghlactha go páirteach iad, seachas cúpla eisceacht. Sonraítear seo thíos seasamh an Choimisiúin maidir le gach ceann de na leasuithe.

---

12 SEC(2008) 2981.

***10.1.1. Leasuithe ar glacadh leo***

*Leasuithe 3, 5, 6, 10, 13, 15, 19, 20, 21, 22, 26, 27, 30, 39*

Glactar leis na leasuithe seo toisc gurb é is cuspóir leo míchruinnis a cheartú agus comhsheasmhacht an togra a áirithiú.

*Leasú 12 agus leasú 29*

Cuirtear na leasuithe seo isteach in Airteagal 8 atá nua (faisnéis faoi stádas an duine is ábhar do na sonraí), agus a dhéanann Airteagal 6(2) agus 17(6) de thogra Nollaig 2008 a chomhtháthú.

*Leasú 16, leasú 17 agus leasú 18*

Cé gur athraíodh an friotal iontu beagán, glactar le substaint na leasuithe seo in Airteagal 12.

*Leasú 35*

Glactar leis an leasú seo, arb é is cuspóir leis a áirithiú go dtugtar faisnéis don duine lena mbaineann 'i dteanga a thuigeann sé nó i dteanga is féidir a bheith ag súil leis le réasún go dtuigfidh sé', in Airteagal 25(1).

*Leasú 37 agus leasú 38*

Glactar leis na leasuithe seo toisc go bhfuil soiléirithe ar théacs a bhaineann le cearta an duine is ábhar do na sonraí iontu (Airteagal 25 den togra seo).

***10.1.2 Leasuithe ar glacadh leo go páirteach***

*Leasú 1*

Mar is léir ó aithris 2 den togra seo, glactar leis an leasú seo chomh fada is a bhaineann sé le tagairt do 'cosaint *idirnáisiúnta*', ach ní ghlactar leis chomh fada is a bhaineann sé leis an bhfrása 'nach bhfuil aon rogha eile acu' a scrios, ar mhaithe le comhsheasmhacht le Treoir 2005/85/CE ón gComhairle an 1 Nollaig 2005 maidir le caigheáin íosta i ndáil le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a bhronnadh nó a aistarraingt[13].

*Leasú 11*

Níl céad chuid an leasaithe, lena roinntear in dhá chuid an sprioc maidir le méarloirg a thógáil agus a sheoladh inghlactha, toisc go bhféadfadh a leithéid de chur chuige deacrachtaí praiticiúla a chruthú do Bhallstáit. Glactar leis, áfach, an sprioc do tharchur a shíniú go 72 uair (i gcomhréir le togra PE ina moltar 48 uair móide 24 uair) agus modhnaítear Airteagal 7 dá réir. Is inghlactha den chuid is mó an dara cuid de na leasuithe, ina moltar eisceachtaí ón riail ghinearálta, ach moltar foclaíocht eile d'fhonn torthaí an phlé sa Chomhairle a chur san áireamh.

[13] IO L 326, 13.12.2005, lch 13-34.

*Leasú 25*

Glactar leis an gcéad chuid den leasú, cuid lena gcuirtear tagairt nua leis an uimhir thagartha a úsáidtear agus cuardach á dhéanamh do theachtaireacht faoi náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a fhaightear i láthair go neamhdhleathach i mBallstát (in Airteagal 18(3) den togra seo).

*Leasú 42*

Léirítear foclaíocht an leasaithe seo in Airteagal 5(4).

### *10.1.3 Leasuithe nach féidir glacadh leo*

*Leasú 4 agus leasú 14*

Moltar leis na leasuithe ar Airteagal 9 agus ar aithris 11 de thogra Nollaig 2008, atá gaolmhar (aithris 17 agus Airteagal 11 sa togra seo) go scriosfar as EURODAC ainmneacha daoine a bhain amach stádas mar chónaitheoirí fadtéarmacha i gcomhréir le Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha[14] iad (Treoir maidir le Cónaí Fadtéarmach). Eisiatar go sonrach ó raon feidhme na Treorach maidir le Cónaí Fadtéarmach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta: ar an ábhar sin ní féidir glacadh leis na leasuithe sin. Ina theannta sin, ní féidir a mheas gur inghlactha na leasuithe sin toisc go gcuirtear isteach iad sa téacs nach bhfuil tionchar ag an athmhúnlú air.

*Leasú 8*

Ní ghlactar leis an leasú toisc nach é cuspóir Airteagal 5(7) raon feidhme na Gníomhaireachta TF a chinneadh, ach a shoiléiriú gurb é an tÚdarás Bainistíochta dá dtagraítear sa Rialachán seo an tÚdarás céanna dá dtagraítear i Rialachán SIS II agus sa Rialachán VIS.

*Leasú 9*

Ní ghlactar leis an leasú seo (a bhfuil baint aige le hAirteagal 5 den togra seo) toisc go bhfuil ábhar an leasaithe ábhartha don togra maidir le bunú na Gníomhaireachta TF agus ní don cheann seo.

*Leasú 23*

Ní mheastar go bhfuil gá leis an leasú seo lena moltar tagairt do chúpla airteagal breise de Threoir 2004/83/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le caighdeáin íosta do cháiliú agus do stádas náisiúnach tríú tíortha nó daoine gan stát mar dhídeanaithe nó mar dhaoine a mbeadh cosaint idirnáisiúnta ar dhóigh eile de dhíth orthu maidir le hinneachar na cosanta a thugtar[15], a chur in Airteagal 16(2) den togra seo, ós rud é go bhfolaítear na cásanna sin sa dréachtú reatha.

---

14 IO L 16, 23.1.2004, lch 44-53.
15 IO L 304, 30.9.2004, lch 12-23.

*Leasú 28*

Is í is aidhm don leasú oibleagáid a thabhairt isteach an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí a chur ar an eolas maidir le gach 'amas bréagach'. Toisc gurb é cúram na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí agus ní cúram an Mhaoirseora Eorpaigh um Chosaint Sonraí monatóireacht dhíreach a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais ó lá go lá, ní ghlactar leis an leasú seo (leasú nár iarr an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ina thuairim ar an togra).

*Leasú 31*

Is í is aidhm don leasú seo foráil a thabhairt isteach lena dtoirmeasctar aistriú sonraí chuig údaráis tríú tíortha. Trína shonrú nach féidir ach le húdaráis ainmnithe Ballstát rochtain a fháil ar EURODAC agus trí aistriú na sonraí sin chuig tríú tíortha a thoirmeasc go sonrach in Airteagal 22, is léir cheana ón Rialachán atá i bhfeidhm nach féidir le tríú tíortha rochtain a fháil ar na sonraí sin. Dá bhrí sin, ní ghlactar leis an leasú seo ar an ábhar nach bhfuil gá leis agus ar ndóigh, b’fhéidir go dtabharfadh sé le tuiscint gurbh fhéidir roimhe seo sonraí a aistriú chuig tríú tíortha.

*Leasú 32*

Féachtar leis an leasú seo le ceanglas a thabhairt isteach go leagfadh an Údarás Bainistíochta síos "comhfhoireann ceanglas le comhlíonadh ag daoine chun go ndeonfar údarú orthu chun rochtain a fháil ar EURODAC ". Níl an fhoráil atá molta soiléir agus d’fhéadfadh sí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a chruthú don Údarás Bainistíochta, ós rud é go ndéanfar pearsanra a bhfuil rochtain acu ar EURODAC a scagadh i mbealach níos éifeachtúla ag an leibhéal náisiúnta.

*Leasú 33*

Féachtar leis an leasú seo oibleagáid do Bhallstáit a thabhairt isteach fógra a thabhairt maidir le hathruithe ar a liosta údarás laistigh de 30 ar a mhéid lá tar éis don athrú teacht i bhfeidhm. Meastar gur ualach neamhriachtanach a leithéid d’oibleagáid agus nach bhfuil an spriocdháta atá molta réalaíoch. Ina theannta sin, níl sé ag teacht le foráil chomhchosúil i Rialachán Bhaile Átha Cliath.

*Leasú 40*

Féachtar leis an leasú seo maoirseacht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ar an Údarás Bainistíochta a áirithiú. Ní hé seo ábhar Rialachán EURODAC.

### 10.2 Modhnuithe a tugadh isteach mar thoradh ar an gcaibidlíocht sa Chomhairle

*Airteagal 8*

Tugadh isteach an tAirteagal nua seo d’fhonn faisnéis faoi stádas an duine is ábhar do na sonraí a sholáthar do na Ballstáit. Ar an gcéad dul síos, áirítear ann forálacha a bhí i dtogra Nollaig 2008 cheana, eadhon Airteagal 6(2) agus Airteagal 17(6) den togra sin. Déanann na hAirteagail sin tagairt d'fhaisnéis faoi dhaoine a aistríodh tar éis nós imeachta *um ghabháil ar ais* agus do chur i bhfeidhm chlásal ceannasachta Rialachán Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, déantar foráil san Airteagal go gcuirtear Ballstáit ar an eolas freisin, maidir le duine áirithe a bhfuil a shonraí stóráilte sa bhunachar sonraí, gur aistríodh an duine sin tar éis nós

imeachta *um ghabháil ar láimh*, nó gur fhág sé críoch na mBallstát, go deonach nó i ngeall ar chinneadh maidir le filleadh nó ordú aistrithe.

Dá bhrí sin, leis an Airteagal nua seo éascófar cúram Ballstát agus an Ballstát atá freagrach faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath á chinneadh acu.

*Airteagal 12*

Féachtar leis na leasuithe arna dtabhairt isteach san airteagal seo na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát nach mór a méarloirg a thógáil agus cathain nach mór a méarloirg a thógáil, a shonrú go soiléir. Cuideoidh an t-athrú arna thabhairt isteach le cleachtais idir Ballstáit a chomhchuibhiú agus áiritheofar leis an athrú go dtógfar méarloirg ó dhuine agus go gcuirfear na méarloirg sin ar aghaidh go dtí bunachar sonraí EURODAC chomh luath is a gheobhaidh sé cead dul isteach i gcríoch na mBallstát.

*Airteagal 30*

Go dtí go dtosaíonn an Ghníomhaireacht TF ag feidhmiú, leanfaidh an Coimisiún ag táirgeadh an dá chineál tuarascáil a bhfuil foráil déanta dóibh sa Rialachán atá i bhfeidhm, i.e. na tuarascálacha bliantúla (ina bhfuil anailís ar staidreamh bliantúil) agus na tuarascálacha meastóireachta (maille leis an meastóireacht a bhaineann le Rialachán Bhaile Átha Cliath).

*Athruithe eile*

Tugadh isteach modhnuithe freisin in aithris 3, aithris 19 agus aithris 32 agus in Airteagal 5(1) agus (4) agus Airteagal 19 (1). Tugadh na hathruithe sin isteach d’fhonn moltaí maidir le dréachtú a rinne an Chomhairle le linn a caibidlíochta a chur san áireamh, moltaí a mheas an Comisiún gurbh fhéidir glacadh leo.

**10.3 Athruithe chun rochtain a cheadú chun críocha an dlí a fhorghníomhú**

*Airteagal 1*

Déantar mír 2 a leasú d'fhonn a léiriú gur cuireadh isteach cuspóir nua an chórais.

*Airteagal 2*

Cuirtear isteach mír 1(c)(iv) d'fhonn a áirithiú, maidir leis na húdaráis atá ainmnithe chun rochtain a fháil ar EURODAC chun críocha an dlí a fhorghníomhú, go gcomhlíonfaidh siad freisin na forálacha maidir le freagracht as úsáid sonraí agus slándáil sonraí. I bpointe (f) agus i bpointe (g), déantar an Pointe Rochtana Náisiúnta agus an t-údarás fíoraithe a shainmhíniú.

*Airteagal 3*

Tugtar isteach leis an airteagal nua seo clásal '*passerelle*' d'fhonn rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú a cheadú trí nasc a sholáthar idir ionstraim a bhaineann leis an tríú colún (Cinneadh Uimh. [.../...] ón gComhairle CGB *[Cinneadh EURODAC um fhorghníomhú an dlí]*) agus an Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair agus a bhaineann leis an gcéad cholún.

*Airteagal 6*

Tugtar isteach le pointe (i) agus le pointe (j) an oibleagáid staidreamh a bhailiú faoi líon na gcuardach a bhaineann le forghníomhú an dlí agus líon na dtorthaí a fuarthas ó na cuardaigh sin.

D'fhonn é a dhéanamh níos fusa do lucht um fhorghníomhú an dlí rochtain a fháil chun críocha an dlí a fhorghníomhú, tá leasú teicniúil ar lárchóras EURODAC i gceist leis an togra seo, i.e. feidhmiúlacht nua chun cuardach a dhéanamh bunaithe ar loirg neamhfhollasa[16].

*Airteagal 13*

Sa dara fleasc de mhír 1, déantar tagairt d'Airteagal 3 d'fhonn a chur san áireamh gur féidir rochtain a fháil chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

*Airteagal 19*

Rinneadh raon feidhme mhír 4 a leathnú d'fhonn a chur san áireamh gur féidir rochtain a fháil chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

*Airteagal 22*

Áirithítear le mír 2, atá nua, an cineál nua cuardaigh sa chóras: le linn rochtana chun críocha an dlí a fhorghníomhú, déantar na sonraí a chuirtear isteach a chuardach os coinne gach méarloirg atá stóráilte sa bhunachar sonraí láir.

*Airteagal 25*

Áirithítear leis an leasú ar mhír 1(b) go gcuirfear in iúl don duine is ábhar do na sonraí chomh maith, nuair a fhaightear a mhéarloirg, gur féidir rochtain a fháil ar a shonraí chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

*Airteagal 30*

Rinneadh mír 5 a leasú d'fhonn an mheastóireacht ghinearálta ar Rialachán EURODAC a leathnú chun an mheicníocht a thugann rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú a chur san áireamh. Is féidir a mheas go háirithe, tríd an meastóireacht leathnaithe sin, ar baineadh úsáid as an meicníocht a tugadh isteach in Airteagal 3 ar bhealach comhréireach, ar tugadh cosaint chuí do chearta daoine aonair agus an bhfuil aithis ag baint le hiarrthóirí tearmainn mar thoradh ar a cur i bhfeidhm. Is féidir na tuarascálacha arna n-ullmhú ag an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí agus na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí, chomh maith leis na tuarascálacha arna n-ullmhú ag Comhchomhlacht Taighde Europol maidir lena gcúraimí maoirseacht, a chur san áireamh freisin sa mheastóireacht sin.

---

16 Is éard atá i lorg neamhfhollas atáirgeadh de thaisme na n-iomairí frithchuimilte a leagadh anuas ar dhromchla ruda. Is minic a bhíonn loirg neamhfhollasa neamhiomlán agus féadfar gá a bheith le modhanna ceimiceacha, le púdar, nó le foinsí eile solais chun iad a fheiceáil.

## 11. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá leasú teicniúil ar lárchóras EURODAC i gceist leis an togra seo d'fhonn a fhoráil gur féidir comparáidí a dhéanamh chun críocha an dlí a fhorghníomhú. Moltar freisin feidhm nua chun cuardach a dhéanamh bunaithe ar lorg neamhfhollas.

Tá feidhm ag an ráiteas airgeadais atá ceangailte leis an togra seo freisin maidir leis an togra maidir le hiarratas ó údaráis um fhorghníomhnú an dlí sna Ballstáit agus ó Europol comparáid a dhéanamh le sonraí EURODAC chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú agus chun na críocha sin amháin [COIM (2009) 344].

Tá costais trí bliana de chothabháil theicniúil ar áireamh sa mheastachán costas EUR 2 415 milliún, lena mbeadh seirbhísí a bhaineann le TF, bogearraí agus crua-earraí i gceist agus lena gclúdófaí uasghrádú agus oiriúnú le go mbeifí in ann cuardaigh a dhéanamh chun críocha an dlí a fhorghníomhú agus le go mbeifí in ann na hathruithe a dhéanamh chun na críche bunaidh a bhaineann le tearmann seachas le rochtain lucht um fhorghníomhú an dlí. Coinnítear méideanna an togra athmhúnlaithe EURODAC a glacadh an 3 Nollaig 2008 sa ráiteas airgeadais sin ar mhaithe le soiléireacht.

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)

2008/0242 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bunú Eurodac chun méarloirg a chur i gcomparáid chun ~~the Dublin Convention~~ ⌦ Rialachán (CE) Uimh. […/…] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] ⌫**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 63 pointe (1)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[17],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[18],

De bharr an méid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Táthar chun roinnt athruithe substaintiúla a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle an 11 Nollaig 2000 maidir le "Eurodac" a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath[19] a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lena leagtar síos rialacha áirithe chun Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 a chur chun feidhme maidir le "Eurodac" a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath[20] a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na Rialacháin sin a athmhúnlú.

↓ 2725/2000/CE aithris 1

~~(1) Member States have ratified the Geneva Convention of 28 July 1951, as amended by the New York Protocol of 31 January 1967, relating to the Status of Refugees.~~

---

17 COIM(2008) XXX.

18 IO C […], […], p. […].

19 IO L 316, 15.12.2000, lch 1.

20 IO L 62, 5.3.2002, lch 1.

⬇ 2725/2000/CE aithris 2 (oiriúnaithe)

(2) ~~Member States have concluded the Convention determining the State responsible for examining applications for asylum lodged in one of the Member States of the European Communities, signed in Dublin on 15 June 1990 (hereinafter referred to as "the Dublin Convention").~~

⇩ nua

(2) Tá comhbhearta tearmainn, lena n-áirítear comhchóras Eorpach tearmainn, ina chuid de chuspóir an Aontais Eorpaigh chun réimse saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile a bheadh ar oscailt dóibh sin, nach bhfuil aon rogha eile acu, a fhéachann le cosaint idirnáisiúnta a fháil go dlisteanach sa Chomhphobal.

(3) Ghlac an Chomhairle Eorpach a bhí ann an 4 Samhain 2004 Clár na Háige ina bhfuil leagtha síos na cuspóirí atá le cur chun feidhme i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais le linn na tréimhse 2005-2010. D'iarr an Comhaontú Eorpach um Inimirce agus Tearmann, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 15-16 Deireadh Fómhair 2008, go gcuirfí bunú Comhchórais Eorpaigh Tearmainn i gcrích trí nós imeachta amháin i leith tearmainn a chruthú ina mbeadh ráthaíochtaí comhchoiteanna agus stádas aonfhoirmeach le haghaidh dídeanaithe agus tairbhithe cosanta coimhdí.

(4) I gClár na Háige, iarradh go mbeadh feabhas ar rochtain ar na córais um chomhdú sonraí de chuid an Aontais Eorpaigh atá ann cheana.

(5) Ina theachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le héifeachtacht fheabhsaithe, idir-inoibritheacht fheabhsaithe agus sineirgíochtaí i measc bunachar sonraí Eorpach i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile[21] an 24 Samhain 2005, chuir an Coimisiún in iúl go bhféadfadh rochtain a bheith ag na húdaráis atá freagrach as slándáil inmheánach ar EURODAC i gcásanna a bheadh sainithe go maith, má bhí amhras bailíochtaithe go bhfuil lucht déanta ciona sceimhlitheoireachta nó ciona coiriúil thromchúisigh tar éis iarratas ar thearmann a dhéanamh.(6) D'fhonn cionta sceimhlitheoireachta agus cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ba cheart go mbeadh sé indéanta rochtain a fháil ar shonraí méarloirg a stóráiltear i mbunachar sonraí láir EURODAC chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

(7) Níor cheart rochtain mar seo a dheonú ach ar údaráis um fhorghníomhú an dlí arna n-ainmniú ag na Ballstáit, agus ar Europol i gcásanna sonracha atá sainithe go maith mura bhfuil bearta eile nach bhfuil chomh treallúsach céanna ar fáil agus tar éis do na Ballstáit dul i gcomhairle lena mbunachair sonraí náisiúnta agus iad tar éis cloí leis an nós imeachta arna leagan síos i gCinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an

[21] COIM(2005) 597 leagan deireanach an 24 Samhain 2005

23 Meitheamh 2008 ar chomhar trasteorann a ghéarú, go háirithe maidir le sceimhlitheoireacht agus le coireacht trasteorann a chomhrac[22].

(8) Níor cheart aon mhórchomparáid méarlorg chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta tromchúiseacha coiriúla a chosc, a bhrath, agus a imscrúdú, a dhéanamh in EURODAC.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 3 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(9) Chun críocha chur i bhfeidhm ~~the Dublin Convention~~ ⌦ Rialachán (CE) Uimh. [.../...] ón gComhairle [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát][23], ⌫ tá sé riachtanach céannacht a shuíomh i gcás iarratasóirí ar ~~asylum~~ ⇨ chosaint idirnáisiúnta ⇦ agus daoine a gabhadh maidir le teorainneacha seachtracha den Chomhphobal a thrasnú go neamhdhleathach. Tá sé inmhianaithe freisin, d'fhonn ~~Dublin Convention~~ ⌦ Rialachán (CE) Uimh. [.../...] ón gComhairle [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] ⌫ a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus go háirithe pointí ~~(c) and (e)~~ (b) agus (d) d'Airteagal ~~10(1)~~18(1) de, cead a thabhairt do gach Ballstát seiceáil cibé an ndearna ~~an alien~~ ⌦ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ⌫ a fuarthas i láthair go neamhdhleathach ar a chuid críocha iarratas ar ~~asylum~~ ⇨ chosaint idirnáisiúnta ⇦ i mBallstát eile nó nach ndearna.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 4

(10) Cuimsíonn méarloirg gné thábhachtach lena ndéantar céannacht bheacht daoine den sórt sin a shuíomh. Is gá córas a bhunú chun a gcuid sonraí méarlóirg a chur i gcomparáid le chéile.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(11) Chuige sin, ní mór córas a bhunú ar a dtabharfar "~~Eurodac~~EURODAC", ina mbeidh ~~Unit~~ ⇨ Lárchóras ⇦, ~~to be established within the Commission and~~ a fheidhmeoidh bunachar sonraí láir de shonraí méarloirg ar ríomhaire, chomh maith le bealach tarchurtha leictreonaigh idir na Ballstáit agus an ~~central database~~ ⇨ Lárchóras ⇦.

---

22 IO L 210, 6.8.2008, lch 1.
23 COIM(2008) XXX.

⇩ nua

(12) D'fhonn cóir chomhionann a áirithiú dóibh siúd ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad agus ar tairbhithe de chuid na cosanta sin iad, agus d'fhonn comhsheasmhacht le *acquis* reatha an AE maidir le tearmann a áirithiú, go háirithe comhsheasmhacht le Treoir 2004/83/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le caighdeáin íosta do cháiliú agus do stádas náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar dhídeanaithe nó mar dhaoine a mbeadh cosaint idirnáisiúnta ar dhóigh eile de dhíth orthu maidir le hinneachar na cosanta a thugtar agus le Rialachán (CE) Uimh. [.../...] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát], is iomchuí raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú d'fhonn iarratasóirí ar chosaint choimhdeach agus daoine atá faoi chosaint choimhdeach a fholú.

---

🡻 2725/2000/CE aithris 6 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(13) Is gá freisin a cheangal ar na Ballstáit go dtógfaidh siad agus ⇨ go dtarchuirfidh siad ⇦ go pras ⇨ sonraí ⇦ méarloirg gach iarratasóra ar ~~asylum~~ ⇨ chosaint idirnáisiúnta ⇦ agus gach ~~alien~~ ⌦ náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát ⌫ a ghabhtar agus iad ag trasnú teorainn sheachtrach de chuid Ballstáit go mírialta, má tá siad ar a laghad 14 bliana d'aois.

---

🡻 2725/2000/CE aithris 7 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(14) Is gá rialacha beachta a leagan síos a bhaineann le tarchur sonraí méarloirg den sórt sin chuig an ~~Unit~~ ⇨ Lárchóras ⇦, le sonraí méarloirg den sórt sin agus sonraí ábhartha eile sa ~~Unit~~ ⇨ Lárchóras ⇦ a thaifeadadh, lena gcuid stórála, le comparáid a dhéanamh idir iad agus sonraí méarloirg eile, le torthaí comparáide den sórt sin a tharchur agus leis na sonraí taifeadta ~~blocking~~⇨ a mharcáil ⇦ agus a scriosadh. D'fhéadfadh rialacha den sórt sin a bheith difriúil i gcás ina bhfuil catagóirí difriúla ~~aliens~~ ⌦ náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát i gceist ⌫ , agus ba cheart sa chás sin iad a chur in oiriúint go sonrach dóibh.

---

⇩ nua

(15) Ba cheart do shaineolaí méarlóirg na hamais a fhaightear ó EURODAC a fhíorú d'fhonn cinneadh cruinn maidir le freagracht a áirithiú faoi Rialachán (CE) Uimh. […/…] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stat] agus aitheantas

beacht an amhrastaigh choiriúil a bhféadfadh a shonraí bheith stóráilte in EURODAC a áirithiú.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 8 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(16) D'fhéadfadh sé go mbeadh an rogha ag ~~Aliens~~ ⌦ náisiúnaigh tríú tír nó ag daoine gan stát ⌫ a d'iarr ~~asylum~~ ⇨ cosaint idirnáisiúnta ⇦ i mBallstát amháin ~~asylum~~ ⇨ cosaint idirnáisiúnta ⇦ a iarraidh i mBallstát eile ar feadh blianta fada ina dhiaidh sin. Mar sin, ba cheart go mbeadh achar fada i gceist leis an uastréimhse inar cheart don ~~Unit~~ ⇨ Lárchóras ⇦ sonraí méarloirg a choinneáil. Ag glacadh leis go mbeidh stádas lonnaithe nó fiú amháin saoránacht Ballstáit bainte amach ag formhór na ~~aliens~~ ⌦ náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát ⌫ a d'fhan sa Chomhphobal ar feadh cúpla bliain i ndiaidh na tréimhse sin, ba cheart go ndéanfaí tréimhse deich mbliana a mheas mar thréimhse réasúnta chun sonraí méarloirg a chaomhnú.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 9 (oiriúnaithe)

(17) Ba cheart go mbeadh an tréimhse chaomhnaithe níos giorra i gcásanna speisialta áirithe áit nach bhfuil aon ghá sonraí méarloirg a choinneáil chomh fada sin. Ba cheart sonraí méarloirg a scriosadh chomh luath is a bhaineann ~~aliens~~ ⌦ náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ⌫ saoránacht Ballstáit amach.

---

⇩ nua

(18) Is iomchuí na sonraí a bhaineann leis na daoine sin ar taifeadadh a méarloirg i dtús báire in EURODAC nuair a thaisc siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus dár deonaíodh cosaint idirnáisiúnta i mBallstát d'fhonn na sonraí sin a chur i gcomparáid leis na sonraí a thaifeadtar nuair a thaisctear iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, a stóráil.

(19) San fhadtéarma, agus ag eascairt as measúnú iarmharta ina ndearnadh anailís shubstaintiúil ar na malairtí roghanna atá ann ó thaobh airgeadais, oibríochta agus eagrúcháin de, ba cheart foráil a dhéanamh do bhunú Údaráis Bhainistíochta a bheidh freagrach as bainistíocht oibríochtúil EURODAC. Go dtí sin, ba cheart don Choimisiún bheith freagrach as bainistíocht an Lárchórais agus as an mBonneagar Cumarsáide.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 10 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(20) Is gá freagrachtaí faoi seach an Choimisiúin ⇨ agus an Údaráis Bhainistíochta ⇦ maidir leis an ~~Unit~~ ⇨ Lárchóras ⇦ ⇨ agus leis an mBonneagar Cumarsáide ⇦, a

leagan síos go soiléir chomh maith le freagrachtaí na mBallstát maidir le húsáid sonraí, slándáil sonraí, rochtain ar shonraí taifeadta, agus sonraí taifeadta a cheartú.

---

⇩ nua

(21) Is gá staitisticí maidir le líon na gcomparáidí a iarrtar chun críocha an dlí a fhorghníomhú a chur le chéile, mar aon le líon na n-amas in EURODAC de bharr iarrataí dá leithéid.

(22) Ba cheart a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí go bhféadfadh údaráis um fhorghníomhú an dlí a chuid sonraí a cheadú d'fhonn cionta sceimhlitheoireachta agus cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

---

🡻 2725/2000/CE aithris 11

(23) Cé go mbeidh smacht ag forálacha ábhartha an Chonartha ar dhliteanas neamhchonarthach an Choimisiúin i dtaca le feidhmiú chóras ~~Eurodac~~EURODAC, is gá rialacha sonracha a leagan síos do dhliteanas neamhchonarthach na mBallstát i dtaca le feidhmiú an chórais.

---

🡻 2725/2000/CE aithris 12

(24) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh, ní féidir le Ballstáit cuspóir na mbeart atá beartaithe a bhaint amach, eadhon córas a chruthú ~~within the Commission~~ chun comparáid a dhéanamh idir sonraí méarloirg chun cuidiú le cur chun feidhme bheartas tearmainn an Chomhphobail, mar gheall ar nádúr na mbeart sin agus mar sin is fearr a bhainfidh an Comhphobal na cuspóirí sin amach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

---

🡻 2725/2000/CE aithris 15 (oiriúnaithe)

